Sonraíocht Nua

Rewarding Learning

**ADVANCED**
**General Certificate of Education**
**2010**

# Stair

## Aonad Measúnaithe A2 2

**[AH221]**

AH221

**DÉARDAOIN 10 MEITHEAMH, IARNÓIN**

**AM**

2 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá leis seo.
Freagair **dhá** cheist as do rogha. Freagair ceist 1 agus ceist 2. Tá rogha i gceist 2.
Taispeáin go soiléir ar do Leabhrán Freagraí cén rogha a rinne tú.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 70 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceist **2**.
Fiosrú stairiúil atá sa pháipéar seo.
Cuirtear i gcuimhne d'iarrthóirí gur chóir go dtaispeánfadh a bhfreagraí an tuiscint acu ar cad é mar a léirmhíníodh an t-am atá thart agus ar cad é mar a léiríodh é ar dhóigheanna difriúla.



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

Freagair ceist **1 agus** ceachtar acu **2(a)** nó **2(b)**

## Rogha 4: Críochdheighilt na hÉireann 1900–1925

## Roinn A  Fiosrú Stairiúil: measúnú agus anailís foinsí

Léigh na foinsí agus freagair na ceisteanna a leanann:

**Foinse 1**

Sliocht as óráid le John Dillon, leascheannaire Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann, le Teach na dTeachtaí, 11 Bealtaine 1916.  Tá sé ag caint faoi fhreagairt Rialtas na Breataine d'Éirí Amach na Cásca.

> Níor thug an Príomh-Aire gealltanas dom go gcuirfí deireadh leis na básuithe. Is amhlaidh atá trí dhuine dhéag curtha chun báis go dtí seo mar gheall ar an bhaint a bhí acu leis an Éirí Amach. Chomh maith leis sin, gabhadh Francis Sheehy-Skeffington, iriseoir mór le rá i mBaile Átha Cliath, agus beirt eile agus lámhachadh iad gan triail. Tuigtear do na fir a d'eagraigh an t-éirí amach gur brathadóirí atá sa Pháirtí againn, agus tá saothar uilig ár saoil á thabhairt chun deireadh fuilteach agaibhse anois. Bhí formhór mór an phobail in éadan an éirí amach. Anois, tá na mílte duine i mBaile Átha Cliath, a bhí go dubh in éadan ghluaiseacht Shinn Féin agus an éirí amach deich lá ó shin, ar deargbhuile leis an rialtas mar gheall ar na básuithe seo. De réir na litreacha atá faighte agam, tá an dearcadh seo ag leathnú amach ar fud na tíre agus is ábhar mór buartha dúinn é.

**Foinse 2**

Sliocht as litir ó Maurice Moore, tacadóir de chuid Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann, chuig John Dillon, 4 Márta 1917. Tá sé ag cur síos ar dhearcthaí i leith an Pháirtí atá bunaithe ar chruinnithe agus agallaimh le náisiúnaithe in áiteanna difriúla ar fud na hÉireann.

> I ndiaidh dom an cás polaitiúil a phlé le sagairt Chaitliceacha, le tacadóirí de chuid Pháirtí na hÉireann agus le baill de Shinn Féin, tá scéala míshásúil agam duit. Tá chóir a bheith gach fear óg ina bhall de Shinn Féin. Tá na fir is sine, sagairt pharóiste san áireamh, iontach míshásta le polasaí Pháirtí na hÉireann agus tá siad ag iarraidh go gcuirfear go fíochmhar in éadan rialtas ar bith a dhiúltaíonn éilimh mhuintir na hÉireann. Ní chreideann siad sa Bhille Rialtas Dúchais a thuilleadh. Níl muinín ag daoine óga ná ag seandaoine as Páirtí na hÉireann anois, agus is cinnte nach gcaithfidh siad vóta ar a shon sa chéad toghchán eile. Níor thacaigh mé riamh le beartaíocht Shinn Féin gan freastal ar Westminster, ach b'fhéidir gurb é seo an t-am é a chur san áireamh. Ní ghlacfaidh fir fhaichilleacha leis an pholasaí seo, ach tá fíorchontúirtí ann faoi láthair agus tá sé doiligh teacht ar rogha ar bith eile.


www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**Foinse 3**

Sliocht ó Jeremy Smith, *Britain and Ireland: From Home Rule to Independence*, arna fhoilsiú in 2000. Tá Smith ag labhairt faoi Olltoghchán 1918.

> I measc na dtoghthóirí in 1918 bhí a lán daoine óga a bhí ag caitheamh vóta den chéad uair agus a raibh a ndearcadh polaitiúil bunaithe ar an ghéarchéim Uladh roimh an chogadh, ar an Éirí Amach, ar fhrithfhreagairt na Breataine i ndiaidh 1916 agus os cionn gach rud eile, ar bhagairt coinscríofa. Bhí bua iontach Shinn Féin bunaithe cuid éigin ar an imeaglú leathan a cuireadh ar lucht vótála agus ar theip Pháirtí na hÉireann dul san iomaíocht do gach suíochán. Is féidir gurb é a bhí i gceist le cuid mhór den tacaíocht a fuair Sinn Féin, diúltiú do sheanPháirtí na hÉireann de chuid Redmond seachas formhuiniú ar an phoblachtachas. Is beag duine a thuig cad é dó ar sheas Sinn Féin, agus is féidir go raibh an neamhléire seo ina cuidiú acu an páirtí a aontú agus toghthóirí a mhealladh.

1 (a) **Téigh i gcomhairle leis na foinsí uilig agus le do chuid eolais féin ar an tréimse seo**. Cé acu foinse ab úsáidí mar fhianaise do staraí atá ag déanamh staidéir ar na fadhbanna a bhí ag Páirtí Parlaiminteach na hÉireann sa tréimhse 1916–1918? [15]

(b) **Úsáid na foinsí uilig agus aon fhianaise eile a ndearna tú staidéar uirthi**. Cén fhírinne atá sa dearcadh gurb é polasaí Rialtas na Breataine i ndiaidh 1916 ba chúis le briseadh Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann in olltoghchán 1918? [20]

## Roinn B Fiosrú Stairiúil: Léirmhínithe

2 **Ceachtar acu**

**(a)** "Na daoine sin a bhí in éadan an Tríú Bille Rialtas Dúchais, is mó cúis a bhí acu a bheith sásta le himeachtaí faoi Mheán Fómhair 1914 ná a bhí ag na daoine sin a bhí ar a shon." Cén fhírinne atá sa ráiteas seo, dar leat? Úsáid fianaise ábhartha a ndearna tú staidéar uirthi, léirmhínithe comhaimseartha agus léirmhínithe níos moille san áireamh, chun tacú le do fhreagra. [35]

**Nó**

**(b)** Cá rathúla a bhí Rialtas Sir James Craig agus iad ag freagairt do na fadhbanna i dTuaisceart Éireann idir 1921 agus 1925? Úsáid fianaise ábhartha a ndearna tú staidéar uirthi, léirmhínithe comhaimseartha agus léirmhínithe níos moille san áireamh, chun tacú le do fhreagra. [35]

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers